

Ábhar

Cúrsa Gaeltachta

Mír Éisteachta

**Tomás Ó Ruairc ag caint faoi chúrsa
Gaeltachta.**

As Forás

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Cúrsa Gaeltachta

Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht le hagallamh a rinne Tomás Ó Ruairc, iarmhac léinn Gaeilge de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, le Siuán Ní Mhaonaigh. Ar dtús déan an réamhobair seo.

Réamhphlé

- Cad atá ar eolas agat faoin tréimhse atá le caitheamh sa Ghaeltacht mar chuid den chúrsa a bhfuil tú ag freastal air?
- An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach am a chaitheamh sa Ghaeltacht má tá céim sa Ghaeilge ar siúl agat?
- Cad iad na buntáistí a bhainfeadh le tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht, dar leat? An bhfuil aon argóint a dhéanfá ina choinne?

Tasc

Tá tú féin agus do ghrúpa ag déanamh moltaí don Roinn maidir le plean do chúrsa sa Ghaeltacht don chéad bhliain. Caithfidh sibh moltaí a chur ar fáil faoi (i) fad na tréimhse; (ii) ábhar an chúrsa; (iii) lóistín; (iv) aon rud eile a cheapann sibh a bheadh tábhachtach. Cuirigí bhur bplean / bhur gcuid moltaí ar pár.

Éisteacht

Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo:

- Cad iad na rudaí a thaitin le Tomás faoin tréimhse sa Ghaeltacht?
- Cén cur síos a dhéanann sé ar dhearcadh na mac léinn nár chuir an spéis chéanna sa chúrsa?

Feasacht Teanga

1. Bain amach na lúibíní sa sliocht seo as an téipscript.

Chuaigh mé go (Árainn) go (Coláiste) Ó Direáin ansin, go (Coláiste) Samhraidh agus ansin mar chuid den (cúrsa) sa (dara) agus sa tríú bliain bhí orainn dul chuig an (Gaeltacht) um (Cáisc) agus bhí orainn coicís a chaitheamh ann agus chuaigh mé féin agus cúpla cara liom go (Inis) Mór, go (Árainn) ansin. Agus is breá liom an áit i gcónaí, ba bhreá liom an t-am sin í agus is breá liom i gcónaí í. Mar sula ndeachaigh mé ann i nócha a dó, nuair a bhí mé cúig bliana déag d'aois, an bhfuil a fhios agat, ba bhreá liom gach ábhar scoile, an Ghaeilge ina measc, ach ábhar scoile a bhí inti. Agus nuair a chuaigh mé ann agus thuig mé den (céad uair) riamh go raibh daoine ag labhairt na teanga seo chuile lá ó (maidin) go (oíche), agus ní amháin sin ach

gurb í a dteanga dhúchais í, agus, díreach, níor chreid mé é agus bhí sé iontach. Chuaigh mé abhaile agus mé díreach chomh lán le díograis don (teanga) agus bhí sé dochreidte, bhí sé dochreidte.

2. Níl tú cinnte cé acu ceann de na leaganacha thíos an leagan ceart. Pléigh leis an duine in aice leat an difear atá idir gach péire agus pléigí cad é an áit is fearr leis an eolas ceart a fháil i gcás gach sampla – leabhar gramadaí? foclóir? www.focal.ie?

scrúduithe	nó	scrúdaithe
postanna	nó	poist
obair pháirtaimseartha	nó	obair páirtaimseartha
sa nGaeltacht	nó	sa Ghaeltacht
bealaí	nó	bealaigh
ar buile	nó	ar bhuile

3. Cuir na frásaí thíos a deir Tomás in abairtí a léireodh a mbrí:

fite fuaite
útamáil
snas
drogall
ar an dul céanna
ba leasc

4. ‘thuig mé dóibh’ – conas a chuirfeá Béarla air seo? Cén ghramadach atá i gceist?

Anois féach ar na frásaí thíos agus mínigh an difear eatarthu:

thuig mé iad	thuig mé dóibh
sheol mé litir di	sheol mé litir chuici
scríobh dom é	scríobh chugam é
seol dom é	seol chugam é
déan é sin dom	déan é sin liom
abair an abairt sin liom	abair an abairt sin dom

Anois roghnaigh an forainm réamhfhoclach ceart sna habairtí thíos:

go raibh maith agat don/as an litir
seol chugam/dom an aiste ar an ríomhphost
cuir glaoch dom/orm amárach
tá pian orm/agam
fan dom/liom

5. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí an briathar ‘taitin’. Bígí cúramach – tá an briathar seo ar cheann de na briathra is mó a ndéanann mic léinn earráidí ina úsáid.

Anois cuir Gaeilge ar na frásaí seo:

Did you enjoy it? I did.
I enjoyed it.
They enjoyed it.
They didn't enjoy the course.
I don't think I'd enjoy that film.

6. Féach anois ar na samplaí thíos a scríobh mic léinn B.Oid. i gcur síos ar chleachtaí teagaisc. I ngach cás, ceartaigh an abairt.

Thaitin na páistí go mór na cluichí.
Taitníonn na páistí an t-amhrán.
Thaitin go mór leis na páistí na hamhráin.
Bhain mé taitneamh ag obair leis.

7. Conas a déarfá *I like it* i nGaeilge? Pléigh an difear idir 'is maith' agus 'ba mhaith'. Arís bí cúramach! Seo struchtúr eile a chothaíonn a lán deacrachtaí.

Anois cuir Gaeilge ar na frásaí seo:

Do you like Amy Winehouse?
Would you like any help?
I like doing essays.

8. Anois ceartaigh na habairtí seo a leanas – scríofa arís ag mic léinn.

Ba mhaith leo ag déanamh na geáitsí.
Is maith leo déanamh cluichí.
Ba mhaith leo na hamhráin.
Is maith na páistí ceol.

Iarobair

Plé

1. Cén dearcadh a bheadh agat féin faoi choicís a chaitheamh sa Ghaeltacht – lán de dhíograis cosúil le Tomás nó drogallach cosúil leis na mic léinn a dtráchtann sé orthu?
2. An bhfuil post páirtaimseartha agatsa? Má tá, an gcuireann sé isteach ar do chuid staidéir?
3. Tráchtann Tomás ar mhic léinn a raibh cinneadh le déanamh acu idir post páirtaimseartha agus tréimhse sa Ghaeltacht. Pléigh na ceisteanna seo:

An cinneadh deacair é sin le déanamh?
An bhfuil tusa go maith ag déanamh cinní tábhachtacha?
An raibh ort aon chinneadh mór a dhéanamh go dtí seo i mbliana?
Conas a thug tú faoin gcinneadh sin a dhéanamh?

4. Seo thíos samplaí de chinntí a bheadh le déanamh. Pléigh iad le beirt eile agus cuirigí comhairle ar a chéile fúthu.
- Tá post agat sa bhaile ach ba mhaith leat dul go Meiriceá ar an scéim J1. Níl aon chinnteacht agat de phost i Meiriceá agus má théann tú ann, caillfidh tú do phost féin. Tá go leor de do chuid cairde ag dul go Meiriceá...
 - D'fhéadfá bliain a chaitheamh thar lear mar chuid de do chéim ach ba mhaith leat an chéim a chríochnú chomh tapa agus is féidir...
 - Chonaic tú buachaill/cailín do charad ag pógadh duine eile i gclub oíche...
 - Tá oíche mhór shóisialta le bheith ann go luath ach má théann tú ann ní bheidh aon airgead agat don chuid eile den tseachtain...
 - Goideadh fillteán nótaí ó dhuine éigin sa rang Gaeilge. Síleann tusa gurb í do chara a ghoid é...
 - Tá seomra lóistín ar fáil i dteach in éineacht le do chairde ach tá sé daor agus ní dóigh leat go mbeidh do thuismitheoirí sásta má aistríonn tú amach as an teach...
 - Tá tú ag roinnt tí le mac léinn eile agus tá sé an-mhínéata ar fad. Anuas air sin, ní réitíonn sibh in aon chor...
 - Tá an bia sláintiúil sa cheaintín i bhfad níos daoire ná na sceallóga agus ispíní. Tá tú ag iarraidh a bheith sláintiúil...

Tasc

Tá sé de dhualgas ort coicís a chaitheamh sa Ghaeltacht mar chuid de do chúrsa. Ní theastaíonn uait ach seachtain a chaitheamh ann toisc go bhfuil post páirtaimseartha agat agus toisc go bhfuil eagla ort go gcaillfidh tú an post.

- (i) Scríobh litir chuig an gCeann Roinne ag míniú do cháis. Iarr ar chúpla duine eile sa rang do litir a cheartú agus faigh aiseolas uathu.
- (ii) Anois tóg féin agus an duine in aice leat rólanna oraibh féin – duine mar Cheann Roinne agus duine mar mhac léinn. Déanaigí an comhrá a bheadh eadraibh faoin gcás seo. Ansin malartaigí rólanna.

Téipscript

- Siuán: Ar chaith tú mórán ama sa Ghaeltacht le linn do chuid ama anseo san ollscoil?
- Tomás: Chaith. Chuaigh mé go hÁrainn go Coláiste Ó Direáin* ansin, go Coláiste Samhraidh agus ansin mar chuid den gcúrsa sa dara agus sa tríú bliain bhí orainn dul chuig an Ghaeltacht um Cháisc agus bhí orainn coicís a chaitheamh ann agus chuaigh mé féin agus cúpla cara liom go hInis Mór, go hÁrainn ansin. Agus is breá liom an áit i gcónaí, ba bhreá liom an t-am sin í agus is breá liom i gcónaí í. Mar sula ndeachaigh mé ann i nócha a dó, nuair a bhí mé cúig bliana déag d'aois, an bhfuil a fhios agat, ba bhreá liom gach ábhar scoile, an Ghaeilge ina measc, ach ábhar scoile a bhí inti. Agus nuair a chuaigh mé ann agus thuig mé den chéad uair riamh go raibh daoine ag labhairt na teanga seo chuile lá ó mhaidin go hoíche, agus ní amháin sin ach gurb í a dteanga dhúchais í, agus, díreach, níor chreid mé é agus bhí sé iontach. Chuaigh mé abhaile agus mé díreach chomh lán le díograis don teanga agus bhí sé dochreidte, bhí sé dochreidte.
- Siuán: Anois rinne tú cúrsaí Gaeltachta nuair a bhí tú anseo san ollscoil. Cad é mar a thaitin siad sin leat?
- Tomás: Thaitin sé go mór liom. Bhí siad solúbtha go leor, na cúrsaí Gaeltachta san ollscoil. An rud a bhí i gceist ná dul chuig an nGaeltacht, agus ní raibh mórán rudaí foirmeálta ann dáiríre agus is dóigh gurb é sin an chaoi is fearr a thaitin sé liom, nach raibh mórán ranganna le freastal orthu, go bhféadfá caint le muintir na háite faoi chúrsa teanga, an oiread leaganacha Gaeilge nach féidir liom cur síos a dhéanamh orthu anseo a d'fhoghlaim mé ann agus, díreach, cineál tuiscint a fháil ar chultúr agus ar oidhreacht na háite agus an bealach a raibh an teanga fíite fuaite leosan. Agus is dóigh, an tsaoirse, gurb é sin an rud ba mhó a thaitin liom faoi na cúrsaí Gaeltachta. Dul ann ar feadh coicíse, gan aon duine cur isteach ort, i measc do chairde agus cineál, níl a fhios agam, ag útamáil leis an teanga, b'fhéidir.
- Siuán: An raibh an dearcadh céanna ag do chuid comhscoláirí? An raibh siadsan sásta dul chun na Gaeltachta agus an bhfaca siad é mar sheans le snas a chur ar a gcuid Gaeilge nó, i ndáiríre, an raibh drogall orthu agus iad ag tabhairt a n-aghaidh ar an Ghaeltacht?
- Tomás: Is dóigh, le bheith macánta, go raibh drogall ar go leor acu. Bhí duine nó beirt, b'fhéidir, a bhí ar an dul céanna liomsa ach go leor leor acu ba leasc leo ar fad ar fad dul chun na Gaeltachta um Cháisc, coicís agus bhíodar ag lorg an oiread sin bealaí leis na laethanta a laghdú, abair cead a fháil dul abhaile go luath ag an deireadh seachtaine, an ceann deireanach nó dul abhaile i rith an chúrsa. Mar bhí postanna páirtaimseartha acu. Thuig mé dóibh, mar bhí an t-ádh liomsa go raibh mé ábalta coicís iomlán a chaitheamh sa nGaeltacht ach daoine eile, bhíodar ag brath ar obair pháirtaimseartha le freastal ar an ollscoil ó cheann ceann na bliana agus anois bhí an Roinn Ghaeilge, na Nua-Ghaeilge anseo ag iarraidh orthu dul chuig an nGaeltacht agus díreach an post páirtaimseartha a fhágáil ina ndiaidh ar feadh dhá sheachtain. Agus bhíodar cineál, bhíodar ar buile mar bhí contúirt ann go

gcaillfidís a gcuid postanna nuair a ghabhfaidís ann agus chaill cuid acu, *now*, fuairadar postanna eile ina dhiaidh sin *but* chuir sé go mór as dóibh agus bhreathnaigh siad ar an rud mar riachtanas agus d’fhanadar ann agus chaitheadar an-chuid ama ag déanamh staidéir do na scrúduithe freisin, scrúduithe an tsamhraidh a bhí ag druidim linn ag an am, na hábhair eile seachas an Ghaeilge freisin agus ní dheachadar amach mórán, ní dheachadar ag caint le muintir na háite mórán. Rinneadar na riachtanais a chomhlíonadh agus b’in é.

* Cé gur ‘Coláiste Ó Direáin’ ainm oifigiúil an choláiste seo, is ‘Coláiste Uí Dhireáin’ atá ceart ó thaobh na gramadaí.